

Bord an Lárionad Cóireála Drugaí

Ag Soláthar

Ag Oiriúnú

Ag Cothú

Ag Forbairt

Ag Stiúradh

Ag Cur ar an Eolas

Tuarascáil Bhliantúil 2005

Ábhar

Misean agus Fís
Faoi Bhord an Lárionad Cóireála Drugaí (DTCB)
Comhaltaí Boird
Ráiteas an Chathaoirligh
Tuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta
Tuarascáil an Stiúrthóra Chliniciúil
Treochtaí in 2005

misean

Seirbhís andúile imeasctha speisialtach atá dírithe ar an duine a chur ar fáil, arna tacú ag an gcleachtas is fearr agus ag ceannas náisiúnta i bhfoirfeacht acadúil.

fís

Mar an Lárionad Cóireála Drugaí (Lá) is mó agus is faide bunaithe sa tír, is é ár n-aidhm leanúint de bheith ag cur réimse leathan cóireálacha speisialtacha ar fáil d'éagsúlacht pobal a bhíonn ag tógáil drugaí agus dóibh siúd a dteastaíonn idirgabhálacha speisialtacha síciatracha, síceolaíocha, sóisialta agus liachta uathu. Is é ár n-aidhm chomh maith leis sin:

- leanúint de bheith ag feabhsú agus ag forbairt na seirbhísí a thairgimid ó thaobh cóireála a thabhairt i gcás mhí-úsáid substaintí
- cur le polasaí chóireáil drugaí agus
- gníomhú mar ionad acmhainne agus oiliúna lárnach do ghairmithe a oibríonn sa réimse mhí-úsáid substaintí.

Mar sheirbhís speisialtach cuirimid le polasaithe a bhíonn ag féachaint ar aghaidh maidir le cóireáil, cosc, oideachas, athshlánú, iarchúram, agus le cláir chúraim dhóthaineacha a fhorbairt dóibh siúd a ghoilleann mí-úsáid substaintí orthu.

I gcomhar le lucht oideachais, le gníomhaireachtaí reachtúla, deonacha agus pobail eile, déanaimid ár ndícheall chun spiorad neamhspléachais agus rogha a chothú i measc cliant, agus an cleachtas is fearr á fhorbairt agus á chur chun cinn againn i gcóireálacha teiripeacha agus clínicíúla.

Is cuid dhílis é taighde ó thaobh measúnaithe a dhéanamh ar éifeachtacht cleachtas atá ann cheana féin agus ó thaobh forbairt a dhéanamh ar fhorbairt polasaí chuí. Tugaimid tacaíocht dó sin trí shonraí a chur ar fáil atá mar thoradh ar thaighde atá bunaithe ar fhianaise. Soláthraíonn ár seirbhís speisialtach chomh maith leis sin cleachtas bunaithe ar fhianaise a thacaíonn le léargas a fháil maidir le héifeachtacht cóireálacha reatha agus scothchleachtais laistigh den réimse andúile. Mar sin, agus mar mhol do sheirbhísí andúile, is é ár n-aidhm tosaíocht a thabhairt agus faisnéis a chur ar fáil maidir le scothchleachtas agus cur le polasaí chóireáil drugaí.

faoi

Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí (DTCB)

Bunaíodh Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí, ar a tugadh an tSeirbhís Náisiúnta Chomhairleach agus Chóireáil Drugaí roimhe, i 1969 agus is í an tseirbhís chóireála is faide bunaithe sa tír. Lonnaíodh í ar dtús ag an “Otharlann Charthanachta”, in Ospidéal Shráid Jervis, Baile Átha Cliath 1, a bunaíodh i 1718. Is ó theaghlach a raibh baint acu leis an ionad ó 1909 é Cathaoirleach reatha Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí, an tUasal Denis McCarthy. Ag deireadh 1987, dúnadh Ospidéal Shráid Jervis. Bunaíodh Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí le hionstraim reachtúil i 1988 agus bhog sé go dtí áitreabh nua i gCúirt na Tríonóide, 30-31 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2. Faighimid ár maoiniú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Táimid tiomanta do chóireáil éifeachtach d’ardchaighdeán agus atá dírithe ar an gcliant a chur ar fáil. Soláthraítear é sin ar bhealach cineálta, gairmiúil, ag glacadh riachtanais aonair ár gcliant san áireamh laistigh de shocrúchán ildhisciplíneach. Tairgimid treoir agus oiliúint do ghairmithe eile a bhíonn ag obair sa réimse mhí-úsáid substaintí agus cuirimid le forbairt polasaí maidir le bainistíocht andúile.

I gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile, cuireann Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí cláir choiscitheacha, chóireála, athshlánaithe agus iarchúraim ar fáil d’eisothair agus d’othair chónaitheacha leis na droch-éifeachtaí a bhaineann le handúile drugaí a laghdú agus chun cosc a chur le scaipeadh HIV agus galair ionfhabhaithe eile.

Cuirtear saoráidí cóireála d’eisothair ar fáil ar an láthair. Tá saoráidí díthoscailte d’othair chónaitheacha lonnaithe i mBarda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath (aonad 10 leaba) agus i gCuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, Baile Átha Cliath (aonad 17 leaba).

Chomh maith leis sin cuirimid seirbhís Shaotharlann Náisiúnta Anailís Drugaí ar fáil a thacaíonn le polasaí cóireála, a dhéanann monatóireacht ar threochtaí agus a thacaíonn le pleanáil sheirbhíse agus le scothchleachtas ó thaobh cóireála agus cúraim a thabhairt i mí-úsáid drugaí agus ó thaobh bainistiú a dhéanamh air. Tacaíonn ár dtaighde le cleachtas atá bunaithe ar fhianaise maidir le polasaí chóireáil drugaí agus forbairtí cliniciúla.

San áireamh i Seirbhísí Cliniciúla Speisialtacha ar an láthair tá:

Measúnú Liachta agus Síciatrach Ginearálta

- Measúnuithe síciatriacha do Réigiúin eile de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Cosc ar Ionfhabhuithe Víreasacha agus Cóireáil
- Seirbhísí Cúraim Phríomúil
- Clinic Sláinte Gnéis
- Seirbhísí Cnáimhseachais Idirchaidrimh
- Cláir Chóireála—mí-úsáid Polasubstaint
- Clár do Dhaoine Óga (YPP) (18 mbliain d’aois agus faoi)
- Seirbhísí comhairleacha do ghairmithe eile
- Clinic Dédhíagnóise
- Seirbhís Heipitéas C

Seirbhísí Eile

- Comhairleoireacht agus Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh
- Seirbhísí Obair Shóisialta
- Grúpaí speisialtacha le haghaidh mhí-úsáid cóicín agus alcóil

- Seirbhísí Leasa
- Teiripeacha Comhlántacha
- Seirbhísí For-rochtana
- Seirbhísí Sheomra Súgartha Intí
- Ranganna Litearthachta
- Taighde
- Liosta Cóireála Lárnach
- Saotharlann Náisiúnta Anailís Drugaí
- Sláinte Cheirde

Comhaltaí Boird

Ainm

An tUas Denis P. McCarthy
Fionnuala Anderson Uas
An Dr Declan Bedford
An Dr Íde Delargy
An Dr Eamon Keenan
An tUas Brian Melaugh
An tUas Dan McGing
An Dr John O'Connor
An tUas Kieran Taaffe

Teideal

Cathaoirleach
Comhalta Boird
Comhalta Boird
Comhalta Boird
Comhalta Boird
Comhalta Boird (D' éirigh as Lúnasa 2005)
Comhalta Boird
Comhalta Boird
Comhalta Boird

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis mhór áthais dom ár dTuarascáil Bhliantúil 2005 a chur i láthair. Tugann sí cuntas eolasach ar ár ngníomhaíochtaí, ar fhorbairtí don bhliain atá faoi chaibidil agus ar ár bpleananna don todhchaí.

Téann tiomantas leanúnach ár bhfoireann bainistíochta sinsearaí agus ár bhfoireann oibre i bhfeidhm i gcónaí ar ár mBord. Maidir le seirbhísí a sheachadadh tugann siad aghaidh go leanúnach ar thimpeallacht dhúshánach atá ag athrú i gcónaí. Soláthraíonn ár gcuid oibre sochair shubstaintiúla agus ar an toirt don sochaí trí na costais laghdaithe eacnamaíochta, trí laghdú i gcoirpeacht agus trí leas sláinte agus sóisialta a fheabhsú mar a thaispeántar i staidéir a mhaíonn go mbíonn sábháil de idir £9-£18¹ in aghaidh gach £1 a infheistítear i gcóireáil.

In 2005 leanamar ag léiriú ár gcur chuige núalaigh maidir le cóireáil agus cúram a chur ar fáil dár gcliaint agus maidir le bainistiú a dhéanamh orthu. Leanaimid de bheith mar fhoinse tharchurtha dár gcomhghleachaithe a fheidhmíonn go náisiúnta sa réimse mhí-úsáid substaintí. Chomh maith le heagraíochtaí sláinte eile, táimid ag feidhmiú laistigh de shrianta uasteorainneacha líon foirne agus mhaoiniú forbartha teoranta.

Is ábhar ríméid dom a thuairisciú gur bhain ár saotharlann, atá mar an soláthraí thástáil drugaí/thocsaíneolaíochta anailísí is mó go náisiúnta, creidiúnú amach ó Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann go dtí caighdeán ISO 17025. Is í ár saotharlann an chéad shaotharlann chliniciúil arna maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhain an caighdeán seo amach. Is léiriú sa bhreis é an t-aitheantas foirmiúil seo dár seirbhísí ar thiomantas agus ar chumas ár saotharlainne, ár bhfoirne agus ár mBoird chun na caighdeáin is airde a bhaint amach. Chuir ár saotharlann Leabhrán Eolais d'Úsáideoirí Sheirbhís Shaotharlainne amach freisin agus scaipeadh é ar ár gcustaiméirí go léir. Tugann sé forléargas soiléir trédhearcach ar ár bpróisis saotharlainne. Is leabhrán eolais é seo a bhfuil an-tóir air agus scaipeadh na céadta cóipeanna de in 2005.

In 2004 mar chuid dár Straitéis Theicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide a chur i gcrích chuireamar tús le Córas Othar Leictreonach a fhorbairt. In 2005 rinneamar próisis uathoibrítheacha de mhórán próiseas, rud a chuirfidh feabhas ar sheirbhísí custaiméara agus ar thuairisciú bhainistíochta.

Leanaimid ag cur seirbhís chóireála speisialtach Heipitíteas C ar fáil ar an láthair. Gabhaimid buíochas as tacaíocht leanúnach Aonad Ghalar Tógálach Ospidéal Naomh Shéamais agus Roche (Ireland) in 2005. Tugann an rath atá ar an samhail chóireála seo uchtach dúinn agus táimid muiníneach go léiríonn forbairt leanúnach na seirbhíse cóireála seo ar an láthair tairbhíthe díreacha maidir le cosc a chur ar ghalair ae ainsealach agus sábhálacha bainteacha amach anseo dár tseirbhís sláinte.

In 2005 leanamar ag tabhairt faoi deara go raibh méadú in úsáid chóicín. Chuireamar moladh faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le seirbhís a chur ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag úsáid spreagthóirí. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun an tseirbhís fhíor-riachtanach seo a fhorbairt.

In 2005, rinneamar athchóiriú inmheánach ar an mbealach isteach/ar an mbealach amach le haghaidh ár gcliant agus d'athlonnamar seomra súgartha na leanaí. Chuir sé seo feabhas mór ar shreabhadh cliant tríd ár mbealach isteach/tríd ár mbealach amach agus cuireann sé seomra súgartha leanaí nua-aimseartha ar fáil le háis bheag amuigh. Chuireamar feabhas chomh maith ar ár gcóras aeraithe, rud a fheabhsóidh sábháilteacht, sláinte agus leas gach duine a bhíonn ag freastal ar ár tseirbhís.

Bhí páirt chuimsitheach agus luachmhar i gcónaí ag ár gCoiste Eitice ag cinntiú go raibh gach tairiscint taighde den chaighdeán eitice is airde. Gabhann an Bord buíochas as obair agus as tiomantas an Bhreithimh Kevin Lynch agus é ag feidhmiú mar Chathaoirleach agus as obair agus tiomantas an Choiste chomh maith.

In 2005, chuireamar ár Straitéis Cúig Bliana (2005-2010) ar fáil a bhfuil glactha leis ag ár mBord. Táimid i mbun comhráite anois le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis an Roinn Sláinte agus Leanáí chun seachadadh na straitéise seo a chinntiú.

Gabhann an Bord buíochas as cuidiú an Uasail Brian Melaugh a d'éirigh as ár mBord i Lúnasa 2005 mar ionadaí na hEarnála Deonaí.

Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hOntaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta, leis an Roinn Sláinte agus Leanáí agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as a dtacaíocht leanúnach. Tá an t-ádh orainn grúpa bainisteoirí agus foirne a bheith againn atá fuinniúil agus dírithe ar agus tiomanta don obair. Faoi stiúir an Bhoird agus an Bhainisteora Ghinearálta, Sheila Heffernan, cuireann an fhoireann seo ar ár gcumas tógáil ar a bhfuil bainte amach againn. Táimid ag tnúth le leanúint de bheith ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun seirbhís speisialtacht chóireáil drugaí d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le mo chomhghleacaithe ar an mBord, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as an sár-obair atá déanta acu.

Denis P. McCarthy
Cathaoirleach
Deireadh Fómhair 2006

1 Godfrey, C., Duncan, S. & Gossop, M. (2004) Anailís eacnamaíochta ar chostais agus ar iarmhairtí chóireáil mhí-úsáid drugaí: sonraí ó thoradh 2 bhliana ón Staidéar Taighde Náisiúnta ar Thoradh Cóireála (STNTC) Andúil, 99, 697-707

Tuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta

In 2005, is iad na doiciméid thábhachtacha a leanann ag cur bonn faoi straitéisí agus phleananna le haghaidh ár mBoird ná An Straitéis Sláinte, Cáilíocht agus Cothroime –Córas Sláinte Duitse, An Baile a Bhaint Amach-Plean gníomhaíochta le haghaidh daoine gan dídean i mBaile Átha Cliath 2004-2006 agus An Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008. In éineacht le Straitéis ár mBoird 2005-2010 leanfaimid ag tógáil ar ár seirbhísí atá ann cheana féin trí chlár de cháilíocht fheabhsaithe le linn dúinn a bheith ag treorú agus ag cur eolas ar fáil maidir le scothchleachtas.

In 2005, bhí 118,958 cuairt ó chliant ar Bhord an Lárionad Cóireála Drugaí. Tugadh seirbhís do 1,648 duine, agus den líon sin rinneadh measúnú ar 941 díobh nó tugadh cóireáil dóibh. In 2005, ba é an cóimheas idir fir agus mná a tugadh cóireáil dóibh ná timpeall 2:1.

Mar a tuairiscíodh in 2005, tá an méadú in úsáid chóicín ag leanúint. Deimhníodh úsáid chóicín i 9.29% de na tástálacha a rinneadh le haghaidh cóicín in ár saotharlann, is é sin le rá go raibh úsáid chóicín i gceist i 13,703 cás as 147,422 tástálacha. In 2005, chuireamar moladh faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun seirbhís chlinic a chur ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag úsáid spreagthóirí. Ó shin i leith táimid i mbun comhráite agus táimid dóchasach go leithdháilfear acmhainní agus maoiniú cuí chun an tseirbhís fhíor-riachtanach seo a fhorbairt.

Lean ár gclár cóireála Heipitíteas C ar aghaidh i ndiaidh don chlár píolótach a bheith curtha i gcrích go rathúil. Leanamar ar aghaidh ag obair go dlúth le hAonad Galar Tógálach Ospidéal Naomh Shéamais agus gabhaimid buíochas leo agus le Roche (Ireland) Teo as a dtacaíocht. Amach anseo, áfach, ní foláir acmhainní cuí a aithint le go leanfar leis an tseirbhís fhíor-riachtanach seo.

Le blianta beaga anuas tá córas cáilíochta á chur i gcrích ag ár saotharlann atá bunaithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta ISO 17025 le haghaidh tástála a dhéanamh ar shaotharlanna. I ndiaidh iniúchta in 2005 bhronn Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann (BCNÉ) creidiúnú orainn go dtí an caighdeán ISO 17025. Tugann an creidiúnú seo urrús d'úsáideoirí ár seirbhíse go bhfuil an tástáil a dhéantar ag ár saotharlann á déanamh go dtí an caighdeán is airde. Is mór an chluí í an t-éacht seo do thiomantas agus do thoirbhirt na foirne maidir le seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Mo ghraidhin sibh.

In 2005, seachadadh ár Straitéis Theicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (STEC) tuilleadh tríd an bhforbairt leanúnach a rinneadh ar ár gCóras Othar Leictreonach. In 2006, bainfaimid an luach saothair as an bhforbairt seo nuair a bheidh an córas ag feidhmiú agus de thoradh air go mbeidh go leor próiseas páipéir fadálacha á ndéanamh go hoibríoch. Táim cinnte go gcabhróidh ár gcóras nua go mór chun ár seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh agus lenár bpleanáil sa todhchaí. Lean ár saotharlann ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun modhanna a fhorbairt chun torthaí a aistriú go leictreonach.

Tá athrú beag ag tosú ag teacht ar phróifíl aoise na gcliant a fhreastalaíonn ar ár seirbhísí sa mhéid is go raibh 50% dár gcliant, in 2005, 30 bliain d'aois agus os a cionn i gcomparáid le 43% in 2004. Is léargas é an phróifíl seo ar ché chomh maith is atá ag éirí leis an gclár oideachais agus le forbairt seirbhísí le haghaidh cúraim phríomhúil/fadhbanna liachta HIV i measc an phobail a bhíonn ag úsáid drugaí. Tá a mhálairt ar fad sa chóimheas idir fir agus mná inár ndaoine d'aois 19 mbliana agus faoina bhun ó 2:1 in 2004 go dtí 1:2 in 2005.

Fuair ár Seirbhís Leasa iomlán de 1,761 fiosrúchán in 2005, agus dáil shuntasach arís ab ea cúrsaí cóiríochta agus tithíochta i gcás daoine a tarchuireadh go dtí an tseirbhís.

In éineacht le seirbhísí síciatracha rinneadh 571 coinní le haghaidh measúnuithe síciatracha seachtracha do chliant de chuid Réigiúin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Barda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, Chuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, agus do chliant phoiblí ag freastal ar Ionad Rutland. Thacaigh an tseirbhís seo le tús a chur le hidirghabhálacha cóireála cuí agus chumasaigh sé go bhféadfaí cúram cliant a bhainistiú ag leibhéal áitiúil.

Le linn 2005, leanamar lenár gclár feabhsúchán ar ár gcuid áiseanna trí dheontais chaipítíl. San áireamh anseo bhí an córas aeraithe, athchóiriú ar ár mbealach isteach/ ar ár mbealach amach ar an mbunurlár agus ar an seomra súgartha agus an áis fheabhsaithe de spás amuigh aige. Chuidigh siad seo go mór le háis theacht isteach/dhul amach gan bhacadh dár gcliainnt agus tá ar chumas an tseomra shúgartha nua atá níos mó glacadh anois le níos mó leanaí, iadsin atá faoi aon bhliain d'aois san áireamh. Chinntigh airgead caipítíl breise a fuarthas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le haghaidh trealaimh go leanfadh ár saotharlann ag feidhmiú go dtí an caighdeán is airde.

Leanaimid ag déanamh bainistíochta ar an Liosta Cóireála Lárnach (seirbhís náisiúnta chun cuntas a choimeád ar na cliaint uile atá ar meatadón agus chun iad a phróiseáil). Ó 1998 ar aghaidh, tá méadú ó 5,403 in 1998 go dtí 8,962 in 2005 i líon na gcliainnt a phróiseáil ag an gcóras seo, méadú de 66% in iomlán.

Thar ceann an Bhoird, na bainistíochta agus na foirne, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hIontaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, le Seirbhísí Roinnte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as an tacaíocht leanúnach a thugann siad. Tá an cuspóir céanna againn chun turas an othair/an chliant a fheabhsú agus chun timpeallacht oibre níos fearr a chur ar fáil don fhoireann. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le Focus Ireland, leis an mBord Taighde Sláinte, le hOspidéal Naomh Shéamais, le Cuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, agus le Barda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, chomh maith lenár bpáirtnéirí iomadúla san earnáil dheonach agus reachtúil, leis an bpobal áitiúil, leis na gnóthais áitiúla agus leis na soláthróirí seirbhíse eile sa phobal.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an gCathaoirleach as ucht a thacaíochta pearsanta le linn 2005. Ar deireadh ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh leis an mBord mar gheall ar an dtacaíocht leanúnach uathu.

Is léiriú é an tuarscáil seo ar obair chrua agus ar thiomantas an Bhoird agus na foirne a d'oibrigh go dícheallach, le linn 2005, chun ár seirbhísí a fheabhsú.

Sheila Heffernan
Bainisteoir Ginearálta
Deireadh Fómhair 2006

Tuarascáil an Stiúrthóra Chliniciúil

Mar sheirbhís threasach tugann ár gcomhórt cliaint fadhbanna ilghruacha dúinn. Mar sin is den riachtanas é go gcuirtear pleananna cóireála in oiriúint don duine aonair laistigh de fhrámaíocht iomlánaithe.

Ag féachaint don mhéadú seasta in úsáid chóicín tá moladh curtha faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte againn chun clinic d'úsáideoirí spreagthóirí a fhorbairt. Táimid cinnte go dtig linn páirt riachtanach a ghlacadh maidir le seirbhís den chineál seo a sholáthar agus sinn ag leanúint mar shamhail-acmhainn go náisiúnta.

Léiríonn forbairt ár gCóras Othar Leictreonach (COL) na miondifríochtaí a bhíonn i seirbhís threasach. Bhí ar ár gcumas, mar sin, riachtanais eolais a chur isteach i measúnuithe cliant, rud a fheabhsóidh seirbhís agus a sholáthróidh eolas bunaithe ar fhianaise a mhunlóidh forbairtí amach anseo agus a mbeidh tionchar aige ar thaighde.

Is dúshlán ollmhór é i gcónaí an Heipitíteas C i measc an phobail a úsáideann drugaí. Tá leathnú déanta againn ar ár gclár cóireála Heipitíteas C, rud a ligeann do níos mó cliant leas a bhaint as an gcóireáil seo.

Leanaimse, i dteannta le mo chomhghleacaithe gur dochtúirí comhairleacha iad, an Dr. Eamon Keenan, an Dr. Brion Sweeney, an Dr. Siobhán Rooney, an Dr. Bobby Smyth, an Dr. Gerry McCarney agus an Dr. Mike Scully ag obair go dlúth chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil laistigh de na srianta buiséadaithe atá orainn.

Le forbairt ár bPlean Straitéise 5 Bliana a bhfuil glactha leis ag ár mBord tig linn a bheith ag súil le tréimhse forbartha leanúnach.

Bhí an-tacaíocht ar fáil, mar a bhí riamh, ó Chathaoirleach ár mBoird, an tUasal Denis McCarthy, ó na Comhaltaí Boird agus ón mBainisteoir Ginearálta, Sheila Heffernan Uasal, le linn 2005. Is mór againn tiomantas leanúnach fhoireann Bhord an Lárionad Cóireála Drugaí, fhoireann Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, agus fhoireann Chuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leo seo uile sa todhchaí agus lenár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach i dtreo 2010.

An Dr. John O'Connor
Stiúrthóir Cliniciúil
Síciatraí Comhairleach i Mí-Úsáid Substaintí
Samhain 2005

Ag Soláthar

Prionsabail Sheachadadh ár Seirbhíse

Aontaíonn Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí leis na prionsabail mar atá siad leagtha amach ag an Straitéis Sláinte, Cáilíocht agus Cothroime: Córas Sláinte Duitse (2001), an Baile a Bhaint Amach-Plean gníomhaíochta do dhaoine gan dídean i mBaile Átha Cliath 2004-2006 agus Straitéis Náisiúnta Drugaí na hÉireann 2001-2008 maidir le seachadadh seirbhíse d'ardchaighdeán a sholáthar, caighdeán chomhsheasmhacha i dtaca le forbairtí nua a phleanáil agus struchtúr cuntasachta atá soiléir agus cuimsitheach. Tá pleananna cóireála bunaithe ar leanúnachas cúraim agus ar chur chuige príomh-oibrí maidir le seirbhís gan bhacadh a sholáthar.

Mar soláthróir speisialtach seirbhíse tugaimid aghaidh ar réimsí de leithéid seo a leanas:

- A chinntiú go mbíonn gach seirbhís cothrom, go mbíonn sé éasca rochtain a fháil orthu agus go mbíonn siad oiriúnach do riachtanais
- Comhionannas--aithnítear go bhfuil stádas comhionannais ag cliaint le gach cliant chúram sláinte eile agus caitear amhlaidh leo, agus rochtain acu ar sheirbhísí príomhshrutha
- Neamhspleáchas agus rogha
- Cosc agus cur chun cinn sláinte éifeachtach
- Lánstaonadh a bhaint amach, nuair is féidir é sin a dhéanamh
- Dochar a laghdú.

Tá déanamh agus seachadadh ár seirbhísí dírithe ar chliaint agus ar a dteaghlaigh. Bímid i mbun comhairliúcháin d'ardleibhéal le cliaint ag cur tuairimí cliant san áireamh maidir le forbairtí nua seirbhíse, pleanáil straitéiseach agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí atá ann cheana féin.

Feidhmímid i gcultúr trédhearcachta agus fhócas custaiméara agus cabhraímid le forbairt níos leithne a dhéanamh maidir le caighdeán a bhunú i gcás scothchleachtais agus, ar an dóigh sin, ag cinntiú go mbeidh riachtanais chustaiméirí agus cumarsáid leo mar thosaíocht i gcónaí.

Agus sinn ag obair i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile, leanaimid ag soláthar seirbhísí dóibh siúd a mbíonn deacracht acu teacht ar sheirbhísí den sórt sin, lena n-áirítear daoine gan dídean/ar an imeall, daoine fásta óga, mionlacha eitneacha agus iad sin a bhfuil fadhbanna casta andúile acu.

Treochtaí 2005

	2004	2005	% +/-
An líon iomlán cuairteanna ó chliaint	119,179	118,958	-0.19%
An líon daoine aonair a fuair seirbhísí	1,698	1,648	-2.94%

In 2005, d'fhreastail 1,648 duine aonair le haghaidh seirbhísí, agus den líon sin rinneadh measúnú ar 941 díobh nó glacadh isteach iad inár gcláir chóireála. Bhain an 707 cliant a bhí fágtha leas as seirbhísí éagsúla lenár áiríodh idirghabhálacha síciatracha, síceolaíochta agus socheolaíochta. In 2005, ba é an cóimheas fir le mná ná 2:1.

Próifíl inscne cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí in 2005

Inscne 2005		
	Minicíocht	Colún %
Fear	639	67.9%
Bean	296	31.5%
Gan Chuntas	6	0.6%
Iomlán	941	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta um Chóireail Drugaí a Thuairisciú, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Aoise Cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí in 2005

Aois 2005		
	Minicíocht	Colún %
16-19	37	3.9%
20-29	431	45.8%
30-39	351	37.3%
40+	122	13.0%
Iomlán	941	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta um Chóireail Drugaí a Thuairisciú, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Stádas maireachtála cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí in 2005

Foinse: Córas Chóireail Drugaí Rannóg Mhí-Úsáid Taighde Sláinte

Stádas Maireachtála	2005	
	Minicíocht	Colún %
Cóiríocht Sheasta	697	74.0%
Institiúid (príosún, clinic)	4	0.4%
Gan Dídean	137	14.6%
Cóiríocht eile nach bhfuil seasta	74	7.9%
Ní fios	29	3.1%
Iomlán	941	100.0%

Náisiúnta um a Thuairisciú, an Taighde ar Drugaí, Bord

Substaint leis an bhfadhb is mó ag baint léi do chásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí in 2005

Substaint leis an bhfadhb is mó léi	2005	
	Minicíocht	Colún %
Alcól	6	0.6%
Benzodiazepíní	13	1.4%
Canabas	1	0.1%
Cóicín	9	1.0%
Codlaidíneacha	909	96.6%
Substaintí eile	3	0.3%
Iomlán	941	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta um Chóireail Drugaí a Thuairisciú, an Rannóg Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Inscne do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord an Lárionad Cóireála Drugaí in 2005`

Inscne		2005
	Minicíocht	Colún %
Fear	25	59.5%
Bean	17	40.5%
Iomlán	42	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta um Chóireail Drugaí a Thuairisciú, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Príomhshubstaint a tuairiscíodh do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord an Lárionad Cóireála Drugaí in 2005

Príomhshubstaint a tuairiscíodh do chásanna nua			2005
	Minicíocht	Colún%	
Codlaidíneacha	42	100%	

Foinse: Córas Náisiúnta um Chóireail Drugaí a Thuairisciú, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Substaint leis an bhfadhb is mó ag baint léi trí bhealach a tógtha do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí in 2005

Substaint leis an bhfadhb is mó ag baint léi trí bhealach a tógtha					2005
Bealach a tógtha					
	Instealladh	Tabac	Ithe/Ól	Iomlán	
Codlaidíneacha	14	24	4	42	

Foinse: Córas Náisiúnta um Chóireail Drugaí a Thuairisciú, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl aoise do chásanna 19 mbliana d'aois agus faoina bhun a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord an Lárionad Cóireála Drugaí in 2005

Aois		2005
	Minicíocht	Colún%
16	4	10.8%
17	11	29.7%
18	11	29.7%
19	11	29.7%
Iomlán	37	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta um Chóireail Drugaí a Thuairisciú, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Inscne do chásanna 19 mbliana d'aois agus faoina bhun a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord an Lárionad Cóireála Drugaí in 2005

Inscne		2005
	Minicíocht	Colún%
Fear	14	37.8%
Bean	23	62.2%
Iomlán	37	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta um Chóireail Drugaí a Thuairisciú, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Liosta Cóireála Lárnach

Is liosta náisiúnta é de chliant a bhfuil cóireáil mheatadóin á fáil acu an Liosta Cóireála Lárnach (LCL) atá á bhainistiú ag ár mBord.

I nDeireadh Fómhair 1998 tugadh isteach an Prótacal Meatadóin agus é mar cheangal ar gach othar a raibh meatadón á fháil aige/aici a bheith ar chlár náisiúnta. Bhí páirt thábhachtach ag an Liosta Cóireála Lárnach ó thaobh é sin a chur i bhfeidhm go rathúil. Rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí Athbhreithniú ar an bPrótacal in 2005. Tá an Bord tiomanta chun leanúint le feabhas a chur ar an tseirbhís LCL agus táthar ag tnúth le bheith ag obair leis an Roinn Sláinte agus Leanaí chun moltaí an Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

I 2005, tugadh cóireáil mheatadóin do 8,962 cliant in iomlán in Éirinn, de na cliant sin tháinig 809 ar an liosta don chéad uair riamh, líon ab ionann is 9% den fhigiúr ar fad. Bhí teacht ag 564 cliant ó lasmuigh de Réigiún an Oirthir a bhí ann roimhe sin d'Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte ar sheirbhísí.

Leanann an Liosta Cóireála Lárnach mar acmhainn do ghairmithe a bhfuil baint acu le cóireáil, cúram agus bainistiú mhí-úsáid drugaí ar bhonn náisiúnta.

Líon na gcliant ar an Liosta Cóireála Drugaí a bhfuil Meatadón á fháil acu

Bliain	Líon Iomlán na gCliant	% + -
1999	5433	
2000	6145	+13%
2001	7107	+16%
2002	7596	+7%
2003	8155	+7%
2004	8364	+3%
2005	8962	+7%

Foinse: An Liosta Cóireála Drugaí, Bord an Lárionad Cóireála Drugaí

Ag Stiúradh

Seirbhísí Heipitíteas C

Is dúshlán ollmhór liachta é Heipitíteas C sa phobal a úsáideann drugaí leis an bpoitéinseal ann chun tionchar pearsanta, sóisialta agus eacnamaíochta forleathan a bheith aige. Aitheanta ar dtús in 1989, tugadh tástáil i leith Heipitíteas C isteach mar ghnáth imeacht i mBord an Lárionad Cóireála Drugaí in 1993. In 2004, rinneadh galar atá le cur in iúl don Ionad Fhaireachán Náisiúnta Galair de Heipitíteas C.

In 1994 bhunaigh Bord an Lárionad Cóireála Drugaí clinic “siúl isteach” ceaptha dóibh siúd atá galraithe le Heipitíteas C. Tá scagadh, oideachas agus tarchur treasach á soláthar againn go leanúnach. In a theannta sin, leanaimid de scagadh víreasach heipitíteas agus vacsainiú heipitíteas A agus B a chur ar fáil do gach duine nua chuig an tseirbhís agus dóibh siúd a d’fhéadfadh a bheith nochtaithe do víreas, nuair atá sé sin cuí.

Is acmhainn fforluachmhar í i gcónaí ár leabhrán, “heipitíteas C: treoirleabhar le haghaidh úsáideoirí drugaí agus a dteaghlach” leis an Dr. Shay Keating, a foilsíodh in 2003, dóibh siúd le heipitíteas C orthu, a dteaghlaiigh agus gairmithe ag obair sa réimse mhí-úsáid substaintí leis na rioscaí a bhaineann le cúram sláinte a ghabhann leis.

Tar éis gur éirigh leis an staidéar píolótach Heipitíteas C ar an láthair, a rinneadh ag Bord an Lárionad Cóireála Drugaí in 2003 i gcomhar leis an Aonad um Ghalar Tógálach ag Ospidéal Naomh Shéamais, táthar tar éis an tionscnamh cóireála seo a leathnú go dtí gach iarrthóir oiriúnach sa chlinic.

Oibríonn ár seirbhís, le tacaíocht ó fhoireann dhílis, leis na cliaint aonaracha agus lena dteaghlaiigh. Sháraigh an freastal ar na clinicí “siúl isteach” agus “cóireála” heipitíteas C le chéile líon 1,781 duine le linn 2005.

Clinic Warfarin

Leanann Clinic atá ceaptha le haghaidh Warafin, a bhunaíomar in 2001 i gcomhpháirtíocht leis na hospidéal ghinearálta, le páirt thábhachtach a bheith aige maidir le monatóireacht agus géilliúlacht i dtaca le teiripe Warfarin. Trí chur chuige comhordaithe, cinntimid go seachadtar plean chúram cóireála cuimsitheach dóibh siúd atá i mbaol.

Freastal ar Chlinicí Speisialtacha in 2005

	2005
Warfarin	326
Heipitíteas C	1,781

Clinicí Shláinte Gnéis

Is cúis ollmhór domhanda iad ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha maidir le breoiteacht, neamhthorthúlacht agus bás. Tá méadú suntasach tagtha ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha in Éirinn le blianta beaga anuas. Thuairiscigh an tIonad Faireacháin um Shláinte a Chosaint gur cuireadh 10,695 ionfhabhtuithe gnéas-churtha in iúl in Éirinn in 2004. Is méadú de 12.1% é seo i gcomparáid le 2003.

Ritear ár gclinicí gnéis, a bunaíodh in 2000, ar bhonn seisiúnach i gcomhpháirtíocht leis an bhFeidhmeannas um Mhíochaine Úraiginitíúil agus Ghalar Tógálach (FMÚGT) de chuid Ospidéal Naomh Shéamais, Baile Átha Cliath. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil do gach cliant a fhreastalaíonn ar ár gclinic. Is í an aidhm atá ag an tseirbhís ná sláinte gnéis a chur chun cinn agus feasacht a mhúscailt maidir le hionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.

Déantar measúnú ar gach gné de shláinte agus d'fheasacht gnéis. Soláthraítear scagadh iomlán d'ionfhabhtuithe gnéas-churtha d'fhir agus do mhná araon agus tá seirbhís thástáil sméartha ceirbheacsáigh ar fáil do mhná. Tairgtear comhairle ar shláinte gnéis agus chomh maith leis sin tairgtear daoine a chur ar aghaidh chuig clinicí speisialtacha le haghaidh scrúdaithe bhreise.

Clár do Dhaoine Óga (YPP)

Leanann an Clár do Dhaoine Óga, a bunaíodh i 2001, de bheith ag freastal ar na riachtanais mhéadaithe atá ag daoine óga atá ag iarraidh cóireála do mhí-úsáid substaintí, agus go leor díobh gan dídean. Glacann an clár cur chuige de réir córais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhisiciúla, shíceolaíochta, mhothúchána agus shóisialta an duine óig. Cuirtear tús leis sin le measúnú cuimhsitheach a dhéanann foireann ildhisciplíneach chun plean cóireála a fhorbairt. Tacaíonn eochairchóras oibre leis na pleananna cóireála seo agus déanann sé monatóireacht agus athbhreithniú orthu. Déantar gach dícheall chun go mbeadh teaghlach an duine óig agus/nó duine/daoine tábhachtach(a) eile páirteach sa mheasúnú, sa chóireáil agus sna cruinnithe athbhreithnithe. Féachtar ar an teaghlach agus/nó an duine tábhachtach eile mar chuid riachtanach den phlean cóireála.

Faigheann an clár tacaíocht ó fhoireann ildhisciplíneach atá tiomanta, le hardscileanna agus le taithí. Ag féachaint do na riachtanais iomadúla atá ag daoine óga a bhfuil fadhbanna tromchúiseacha acu le drugaí oibrimid i gcomhar le gníomhaireachtaí seachtracha trí chomhphleanáil cúraim agus obair idirghníomhaireachta.

D'fhéadfadh fadhbanna an-mhóra andúile a bheith ag go leor de na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus bhí taithí ag go leor díobh ar a bheith gan dídean. Mar sheirbhís threasach tá an cumas againn measúnuithe síciatracha a dhéanamh ar dhaoine óga a chuirtear ar aghaidh ó ghníomhaireachtaí eile sa chás go mbíonn inní ann ag eascairt as iad a bheith ag úsáid drugaí. Cuireann an clár fáilte roimh na daoine óga seo a chuirtear ar aghaidh agus féachtar ar na tarchuir mar chuid dhílis dár ngníomhaíochtaí idirghníomhaireachta.

Seirbhísí Cóireála Liachta YPP

- Cobhsú
- Díthocsainiú
- Meatación
- Buprenorphine
- Faire ar ghalar fola/vírís

- Cur Chun Cinn Sláinte Gnéis
- Laghdú Dochair

Seirbhísí Speisialtacha YPP

- Idirghabháil Luath
- Measúnuithe meabhairshláinte leanaí agus ógánach
- Measúnuithe síceolaíochta agus forbartha
- Clinicí sláinte gnéis
- Seirbhísí cnáimhseachais idirchaidrimh
- Teiripeacha comhlántacha
- Obair shóisialta agus measúnú agus tacaíocht chúram leanaí
- Comhairle
- Teiripe Teaghlaigh

Leanann an Clár do Dhaoine Óga (YPP) de bheith tiomanta d'fhorbairt taighde sna réimsí seo a leanas: cúiseolaíocht úsáid drugaí i measc ógánach, éifeachtacht cóireála agus riachtanais dhaoine óga a ghlacann drugaí. Freisin, tairgeann an YPP áiteanna oiliúna maoirsithe do mhic léinn ó chúlraí ilghairme agus deiseanna foghlama éagsúla.

Spreagtar forbairt leanúnach gairme trí thacaíocht a thabhairt don fhoireann chun freastal ar sheimineáir, chúrsaí agus chomhdhála.

I rith na bliana, bhí ár gcliaint páirteach i dturas cónaithe go dtí an Cabhán arbh chlár gníomhaíochta é chun cabhrú leo tógáil ar an meas a bhí acu orthu féin. D'éirigh thar bharr leis an turas.

San áireamh sna seirbhísí teiripeacha atá fáil ag an YPP tá teiripe teaghlaigh, comhairle aonair, idirghabhálacha gairide, agallaimh spreagtha, idirghabháil ghéarchéime agus ár gClár Éarlais Gheilleagair (Token Economy Programme).

Le linn 2005, bhí tinrimh in iomlán de 6,403 ag an YPP agus d'fhreastail cliant le haghaidh na rudaí seo a leanas: obair ghrúpa, ealaín agus dearadh, forbairt phearsanta, scríbhneoireacht chruthaitheach, ranganna ceoil, oideachas litearthachta, fuascailt fadhbanna agus cosc ar athiompú.

In 2006, tá sé beartaithe Comhdháil a chur ar siúl faoi Chóireáil a dhéanamh ar Andúil i measc Ógánach agus is é a bheidh mar phríomhchuspóir foghlama leis ná na scileanna bunúsacha a thabhairt don lucht freastail chun measúnuithe a dhéanamh ar chásanna casta andúile i gcás ógánach agus chun pleananna cóireála a fhorbairt ina dhiaidh sin le dul i ngleic leis na fadhbanna a aithníodh.

Tá ar intinn againn “Lá Oscailte” a chur ar siúl chun ár mBróisiúr Eolais YPP nua a sheoladh. Freisin, leanaimid ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm polasaithe agus treoirlínte chun freastal ar riachtanais chasta úsáideoirí óga drugaí.

Ag Cur ar an Eolas

Saotharlann Náisiúnta Anailís Drugaí

Cuireann ár saotharlann an tseirbhís thástáil drugaí is mó sa tír ar fáil. Tacaíonn sí le hidirghabhálacha cóireála cuí agus le treochtaí náisiúnta maidir le mí-úsáid shubstaintí a aithint.

Faigheann an tsaotharlann samplaí fuail agus fola ó láithreacha éagsúla go náisiúnta, ina measc ionaid chóireáil drugaí, clinicí saithilíte, dochtúirí teaghlaigh, eagraíochtaí deonacha, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Oideachais, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Promhadh agus Leas agus Cúirt Drugaí Bhaile Átha Cliath. Ag dul i méid i gcónaí, mar chuid den fhoireann ildhisiplíneach, bhí baint ag an saotharlann le cuidiú le cláir chabhracha d'fhostaithe do chomhlachtaí gairmiúla.

Le linn 2005, rinneadh na hanailísí a leanas:

Bliain	2005
Líon iomlán na samplaí fuail a ndearnadh tástáil orthu	150,518
Iomlán na dtástálacha (déantar suas le 8 tástáil ar leith in aghaidh gach sampla fuail)	901,034
Leibhéil Mheatadóin i bhFuil	487
Idirdhealú Codlaidínigh (GC-MS)	189
Idirdhealú Benzodiazepíní (HPLC)	2,838
Zimovane	703

Is é an gnó atá ag an saotharlann Anailís Drugaí ná an caighdeán thástáil drugaí is fearr agus is féidir a chur ar fáil dá custaiméirí. Baintear é seo amach trí athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar riachtanais an chustaiméara le cinntiú go bhfuil an tseirbhís ábharthach agus trédhearcach. Cuidítear leis seo trí chreidiúnú go dtí an caighdeán ISO 17025 a bhronn Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann ar an saotharlann in 2005.

Rinneadh cleachtadh sonraíochta agus roghnaithe agus cuireadh Córas Bhainistiú Eolas Saotharlainne (CBES-LIMS sa Bhéarla) eatramhach i gcrích i Meán Fómhair 2005. Ina theannta sin d'oibrigh foireann de chuid na saotharlainne leis an bhfoireann oibre don Chóras Eolais um Chuidithe Drugaí (CECD-DAIS sa Bhéarla) de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun nasc leictreonach idir CECD agus CBES de chuid an tSaotharlainn Anailís Drugaí a shonrú agus a bhunú chun críche torthaí a chur ar aghaidh go leictreonach.

Rinneadh cleachtadh sonraíochta agus roghnaithe freisin do Leacht Crómatagrafaíochta-Oil Sprectoméadar (LC-OS--LC-MS sa Bhéarla). Is í an teicneolaíocht nua seo an teicneolaíocht is mó cáile maidir le tástáil agus ligfidh sí don saotharlann tástáil a dhéanamh le haghaidh réimse níos leithne drugaí. Rinneadh cleachtadh sonraíochta agus roghnaithe chomh maith chun athsholáthar a dhéanamh ar na hAnailísitheoirí Ceimice Cliniciúla.

Chuireamar Treoirleabhar d'Úsáideoirí Sheirbhíse Shaotharlainne ar fáil chomh maith a scaipeamar ar ár gcustaiméirí go léir. Tugann sé forléargas soiléir agus trédhearcach ar ár bpróisis saotharlainne. Is leabhrán eolais é seo a bhfuil an-tóir air agus scaipeadh na céadta cóipeanna de in 2005.

Tugadh isteach tástáil bhailíochta ar bhonn samplach ar na samplaí go léir ag baint úsáide as an tástáil Creatinine agus chabhraigh sé seo chun cur leis an muinín is féidir a bheith ag custaiméirí ina nósanna imeachta bailiúchán sampla.

Críochnaíodh Measúnú Riosca Fhachtóir Ceimice agus tugadh ráiteas sábháileachta na saotharlainne cothrom go dáta dá réir.

In 2006, tá ar intinn againn scóip chreidiúnú ISO 17025 na saotharlainne a choimeád agus a leathnú. Déanfar tuilleadh forbartha ar an CBES (LIMS) le go bhféadfar tuairisciú níos sofaisticiúla a dhéanamh. Cuirfear isteach LC-OS (LC-MS) agus Anailísitheoirí Ceimice Cliniciúla den chéad ghlúin eile agus bunófar modhanna. Tá ar intinn freisin tástáil i leith Buprenorphine a thabhairt isteach.

Coiste Eitice

Tacaíonn ár gCoiste Eitice, a bunaíodh in 2002, lenár rannán taighde. Is é an gnó atá aige ná comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le taighde cliniciúil laistigh de Bhord an Lárionad Cóireála Drugaí agus ó ghníomhaireachtaí eile ar a n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na hospidéal dheonacha. Bualann an Coiste le chéile gach ráithe, agus an Breitheamh Kevin Lynch mar Chathaoirleach air, chun athbhreithniú a dhéanamh ar agus chun breith a thabhairt faoi mholtaí taighde éagsúla. Le linn 2005, rinneadh athbhreithniú ar 20-30 moladh ar an meán ó laistigh de Réigiún an Oirthir (mar a bhí) de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go príomha.

Tá ionadaíocht ar an gCoiste ó lucht liachta, dlí, bainistíochta agus tuata. Gabhann an Bord buíochas leo as a dtacaíocht, a ndíograis agus a dtiomantas i dtaca le taca a thabhairt do Bhord an Lárionad Cóireála Drugaí.

Taighde

Leanann taighde mar chuid dhílis dár gcuid oibre. Tríd ár gcleachtas cliniciúil agus le cuidiú na saotharlainne anailís drugaí ar an láthair, na scéimeanna oiliúna le haghaidh fostaíochta agus na hoiliúna uainn do Shíciatraithe Comhairleacha le taithí fhairsing san earnáil, is í ár n-aidhm tús áite a ghlacadh maidir le forbairtí nua sa réimse andúile, sonraí a chur ar fáil ar éifeachtaí polasaí agus tionchar a bheith ar chleachtas chóireáil drugaí amach anseo.

Le linn 2005, rinneamar staidéar chun measúnú a dhéanamh ar an ráta leitheadúlacht Dhédhiagnóise i measc líon na gcliant de chuid Bhord an Lárionad Cóireála Drugaí. Ba é cuspóir an staidéir ná nósanna imeachta sonracha agus dearfa bainistíochta a bhunú le haghaidh scothchleachtais maidir le cúram agus tacaíocht a thabhairt do chliant a bhfuil dédhiagnóis orthu. San áireamh anseo bhí bearta scothchleachtais chun an baol athiompair a laghdú agus chun an ráta cloíte agus géilliúlachta a fheabhsú. San áireamh chomh maith bhí uasmhéadú ar straitéisí cóireála scothchleachtais maidir le fadhbanna meabhairshláinte ar a n-áirítear athbhreithniú ar chógas leighis.

Áiríodh i measc cuid de na conclúidí ón staidéar ná go bhfuil dédhiagnóis ar bheagnach 10% de na cliant atá ag freastal, gan easláine phearsanachta san áireamh. De na cliant seo níl athbhreithniú rialta á dhéanamh ach ar 10% díobh ag foirne mheabhairshláinte pobail. Ní foláir nasc níos dlúithe a chothú idir ár mBord agus foirne mheabhairshláinte pobail chun cuidiú le cúram agus tacaíocht a thabhairt do chliant agus chun iad a bhainistiú.

I measc na bhfoilseachán in 2005 bhí na cinn seo a leanas atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.addictionireland.ie

Anlucht codlaidínigh

Anne Bolger (RGN)

Cumann na hÉireann de Chomhairleoirí Alcóil agus Andúile, Imleabhar 32 Deireadh Fómhair 2005 leathanaigh 11-13

Mi-úsáid Zopiclone ar chlár chothabháil meatadóin

An Dr. Noreen Bannan, An Dr. Siobhán Rooney, An Dr. Richard Maguire, An tUas. Columba Moran, An tUas. Mark Dowling & An Dr. John J O'Connor

Síciatraí Éireannach. Imleabhar 6. Eagrán 5 Meán Fómhair/Samhain 2005. leathanaigh 201-206

Imréiteach víoris heipitíteas C i gcóhort i limistéar Bhaile Átha Cliath a úsáideann drugaí sna féitheacha

Na hUaisle S. Keating, S. Coughlan, J. Connell, B. Sweeney & E. Keenan

Iris Eolaíocht Liachta na hÉireann. Imleabhar 174. Uimhir 1. 2005 leathanaigh 37-41

In 2006, tá ar intinn againn taighde a dhéanamh ar cháilíocht saoil agus riachtanais úsáideoirí seirbhíse le fócas ar leith, ar an gclár céanna, ar anailís chomparáideach idir daoine a úsáideann cóicín ar bhonn rialta agus daoine nach n-úsáideann cóicín.

Chun go leanfar ag forbairt straitéisí cuí le fadhbanna a bhaineann le húsáid drugaí (agus i dtaca le cóicín ach go háirithe) a chur ó mhaith, tá na ceisteanna seo a leanas os ár gcomhair:

- Cad iad na riachtanais sonracha atá ag úsáideoirí seirbhíse?
- Cad iad na riachtanais dhifriúla nó bhreise, más ann dóibh, atá ag cliant a úsáideann cóicín agus atá ar Chóireáil Chothabháil Meatadóin (CCM)?
- Conas a dhifríonn cáilíocht saoil daoine a úsáideann cóicín agus atá ar CCM agus daoine nach n-úsáideann cóicín agus atá ar CCM?
- An féidir le difríochtaí aitheanta i dtoisí “cáilíocht saoil” agus “riachtanais cliant” éifeacht a bheith acu ar mhódulachtaí cóireála ildhisciplíneacha le go ndéanfar freagairt níos éifeachtúla ar riachtanais cliant i gcoitinne agus, ach go háirithe, ar riachtanais na bhfoghruaí cliant difriúla seo?

Tabharfar Measúnú Cháilíocht Saoil Eagraíocht Shláinte an Domhain (MCSES---WHOQOL-BREF sa Bhéarla) agus Measúnú Riachtanais Camberwell (MRC---CANSAS sa Bhéarla) do gach cliant a thoilíonn. Tar éis anailís a dhéanamh ar thoisí an dá dhéanamh seo do na cliant go léir a bhfuil CCM á fháil acu, déanfaimid comparáid ansin idir dhá phobal samplacha. I sampla amháin beidh cliant atá ag gabháil do CCM ar feadh 6 mhí le haghaidh spleáchais ar chodlaidíneacha. Sa shampla eile beidh cliant atá ag gabháil do CCM ar feadh 6 mhí le haghaidh spleáchais ar chodlaidíneacha agus le patrún úsáid chóicín i gcomhairsir ar feadh 6 mhí arna léiriú ag torthaí shampla fuail.

Úsáidfear modhanna staitistiúla cuí chun difríochtaí suntasacha is féidir a bheith ann (1) i gcáilíocht saoil agus (2) i riachtanais an dá ghrúpa seo a fhiosrú nó a aithint.

Déanfar anailís ar an eolas seo agus agus beidh sé mar bhonn d'fhorbairt mhódúlachtaí cóireála atá lárnach don chliant ag freagairt do dhíotha agus riachtanais shláinte na bpobal cliaint seo.

Eolas a Scaipeadh

Bíonn páirt thábhachtach oideachasúil i gcónaí ag ár saoráidí leabharlainne leathana chomh maith le rochtain a thabhairt d'fhostaithe agus do mhic léinn mar chuid dá n-oideachas leanúnach. Leanann an tseirbhís de bheith ar fáil do ghairmithe a bhíonn ag iarraidh teacht ar irisí agus ar fhoilseacháin speisialtacha. Freisin fuairamar iarratais fhoirmiúla ar eolas faoi andúil ó mhic léinn, ó thuismitheoirí, ó sholáthraithe seirbhíse eile agus uathusan a mbíonn baint acu le mí-úsáid shubstaintí.

In 2005, seoladh an Chuid dar teideal Ceisteanna a Chuirtear go Minic (FAQ) ar ár suíomh gréasáin go foirmiúil i láthair an Aire Stáit, Noel Ahern, agus Niall Quinn atá mar phatrún ar Chlár Thacaíocht Phobail Bhus Átha Cliath. Tugaimid aitheantas do Bhus Átha Cliath agus gabhaimid buíochas leo a ucht a dtacaíochta agus a gcuid maoinithe.

I ndiaidh athdhearadh a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin in 2004 lean an méadú i líon na gcuariteoirí. Bhí an trácht chuig ár suíomh ard ach go háirithe le linn fheachtais earcaíochta agus le linn fhógraíochta a bheith á déanamh dár Sraith de Sheimineáir Thráthnóna in 2005. Is ar na codanna lenár leathanaigh dar teideal Ceisteanna a Chuirtear go Minic, Gairmeacha Beatha, Nuacht agus Imeachtaí a thugtar an chuid is mó de na cuairteanna.

Tá páipéir thaighde arna gcur amach ag Bord an Lárionad Cóireála Drugaí agus acusan a bhfuil baint acu lenár n-eagraíocht ar fáil ar ár suíomh gréasáin (www.addictionireland.ie)

Sraith de Sheimineáir Náisiúnta

Le linn 2005, reachtálamar Sraith de Sheimineáir Fómhair a d'éirigh go hanmhaith leo “Ag Foghlaim ón am atá thart-Ag Forbairt don Todhchaí”: is trí sheimineár aon lae a bhí i gceist i nGaillimh, i Luimneach agus i gCorcaigh. D'fhreastail gairmithe cúramshláinte agus iadsan a bhíonn ag obair i ngach gné de na seirbhísí andúile orthu. Thionólamar Imeacht Oideachais agus Turas timpeall ar Bhord an Lárionad Cóireála Drugaí freisin le linn na bliana.

In 2006, áireofar inár gclár oideachais roinnt sheimineáir aon lae agus déanfar ár gComhdháil Idirnáisiúnta Shíceolaíochta Leanaí a thionscnamh. Is í aidhm na comhdhála seo ná dul i dtreo muinín Ghairmithe Mheabhairshláinte Leanaí a fhorbairt, go háirithe maidir lena gcumas chun freagairt a dhéanamh ar riachtanais dhaoine óga a mbíonn ag gabháil do mhí-úsáid shubstaintí.

Tá an chosúlacht ann go dtabharfaidh an dá chlár seo deiseanna luachmara le haghaidh foghlama, lenár saineolas a roinnt, le hidirtheagmhálacha a dhéanamh agus le tuiscint níos mó a fháil ar shaincheisteanna atá mórthimpeall ar andúil agus chóireáil.

Ag Cothú

Seirbhísí Cliniciúla

Soláthraimid seirbhís chóireála speisialtach d'úsáideoirí drugaí agus bímid de shíoraí ag cur ár seirbhísí in oiriúint le freastal ar riachtanais cliant. Le linn 2005, fuair 1,648 duine aonair seirbhísí le tacaíocht ó fhoireann ildhisciplíneach ardscoilleana le taithí mhaith acu faoi cheannas seacht Síciatraithe Comhairleacha i mí-úsáid shubstaintí.

Tugaimid seirbhís chomhairleach agus tacaíochta náisiúnta chomh maith leis sin do ghairmithe a bhíonn ag gabháil do chóireáil, chúram agus bhainistiú mhí-úsáid drugaí. Tugtar tacaíocht bhreise dó sin trí pholasaithe, nósanna imeachta agus phrótacaíl a scaipeadh maidir le scothchleachtas agus idirghabhálacha liachta agus teiripeacha.

Seirbhísí Cliniciúla Speisialtachta

Measúnú Síciatrach agus Liachta Ghinearálta
Cosc agus Cóireáil Ionfhabhtuithe Víris
Cnáimhseachas Idirchaidrimh
Clinic Shláinte Gnéis

Seirbhísí Chóireáil Liachta

Díthocsainiú (othair chónaitheacha agus eis- othair)
Cláir Chothabháil Meataidín
Cláir Chobhsaithe
Cúram Príomhúil
Faire Ghalar Fola/Víris
Clár Chóireáil Heipitíteas C
Clár Laghdú Dochair

Measúnú Ginearálta/Síciatrach

Is fada atá comh-easláine síciatrach aitheanta mar fhadhb an-deacair maidir le cóireáil, cúram agus bainistiú othar a bhfuil stair mhí-úsáid shubstaintí acu. Léiríonn taighde a rinneadh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí gur shroich 50% de dhaoine CDT (Critéir Dhiagnóiseacha Taighde) i gcás tinneas dúlagair ag tráth éigin dá saol caite.

In 2005, rinneadh ar an iomlán 571 coinne do mheasúnuithe síciatracha seachtracha. Rinneadh iad sin ar son Cuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, Rutland Centre agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Thacaigh an tseirbhís seo le tús a chur le hidirghabhálacha cóireála iomchuí agus d'éascaigh sí bainistíocht a dhéanamh ar a gcúram ag leibhéal áitiúil.

Clinic Dédhiagnóise

Is é atá i nDédhiagnóis ná comh-tharlú easláinte mheabhairshláinte agus easláinte mhí-úsáid shubstaintí (alcól agus/nó spleáchas/mí-úsáid drugaí). Bíonn sé níos deacra cóireáil a dhéanamh ar chliant Dhédhiagnóise agus bainistiú a dhéanamh orthu mar gheall ar na leibhéil níos airde lagaithe fhisiciúil, shóisialta agus shíceolaíoch.

In Éirinn, tarlaíonn Dédhiagnóis i líon suntasach daoine a dhéanann rochtain ar chúram príomhúil, ar sheirbhísí andúile agus meabhairshláinte. Maíonn roinnt staidéar go bhfuil na rátaí leitheadúlachta chomh hard le 43% i ngrúpaí pobail (Condren et al. 2001) agus chomh hard le 37% i ngrúpaí othar-chónaithe (Kamali et al. 2000).

Cuireann Bord an Lárionad Cóireála Drugaí clinic speisialta Dédhiagnóise eis-othair ar fáil le Cláraitheoir Sinsearach mar fhoireann chun comhairle a thabhairt maidir le cúram do chliant atá ann cheana féin agus chun measúnú a dhéanamh ar dhaoine a chuirtear ar aghaidh ó fhoirne meabhairshláinte agus ó lucht tarchurtha eile.

Cosc ar Ionfhabhtuithe Víris

Cuspóir bunúsach dár gcláir chóireáil drugaí is ea scaipeadh bhreiteachtaí víris a chosc. Déantar an cosc, a sheachadaítear trí sheirbhísí clínicíúla atá tiomanta do HIV agus Heipitíteas a chosc agus a chóireáil, a bhaint amach trí dhianchlár vacsainithe agus scagtha, malairt snáthaide agus clár bholscaireacht sláinte. Is í an aidhm cóireáil éifeachach, d'ardchaighdeán agus atá dírithe ar an gcliant a sholáthar, a fhaigheann tacaíocht ó réimse sheirbhísí cúraim phríomhúil agus ó dhlúthchaidreamh le hospidéal ghinearálta agus le seirbhísí síciatracha.

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Tá ár gcuid seirbhísí cúraim phríomhúil leagtha amach le

- Sláinte agus leas cliant a chur chun cinn trí chomhairle, eolas agus chlár oideachais a sholáthar
- Idirghabháil a dhéanamh ag tráth luath den bhreiteacht agus, ar an dóigh sin, ag déanamh laghdú ar an mbaol go dteastódh go géar ón duine dul isteach san ospidéal
- Leanúnachas cúraim a chur ar fáil i gcomhar le hospidéal liachta ghinearálta agus ospidéal shíciatracha, ospidéal mháithreachais, dochtúirí teaghlaigh agus réigiúin de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Comhchlár chúraim agus chóireála a sholáthar i gcomhar le seirbhísí tábhachtacha.

Téann réimse Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil ó othrais, easpaí, gearrthaí agus cnéanna a chóiriú agus/nó comhuaimeanna a chur isteach nó a bhaint amach go dtí cógais shíceatrópacha agus ghinearálta a chur ar fáil. Soláthraimid chomh maith leis sin seirbhís a thugann cógais speisialtachta, e.g., instealladh antaithéachtach, faisnéis liachta ghinearálta, comhairle aiste bia agus monatóireacht mheáchain agus a dhéanann monatóireacht ar na cógais sin. Ceann dár seirbhísí cúraim phríomhúil lárnaigh is ea maoirsiú a dhéanamh ar chomhchógas teiripe i gcóireáil HIV, chomh maith le cógais eitinne a thabhairt faoi mhaoirsiú.

Seirbhísí Siúl Isteach Don Chéad Uair/Éigeandála

Tríd ár seirbhís mheasúnaithe siúl isteach don chéad uair/éigeandála rinneamar 247 measúnú le linn 2005. Áiríodh ar na buntáistí, rochtain dhíreach ar sheirbhísí measúnaithe d'úsáideoirí drugaí agus deis chun seirbhísí íomchuí a phleanáil atá bunaithe ar riachtanais cliant.

Seomra Súgartha do Leanáí

Is é an éiteas a bhaineann leis an seomra súgartha do leanaí ná socrúchán inspreagtha, sábháilte agus taca atá dírithe ar an leanbh a sholáthar do leanaí a thagann go dtí an gclinic in éineacht lena dtuismitheoirí nó lena gcaomhnóirí. Tá an seomra súgartha do leanaí leagtha amach ar shlí a spreagann leanaí lena a gcumas aonair féin agus sóisialta a fhorbairt agus a leathnú. Tugtar ugach do leanaí iad féin a chur in iúl i dtimpeallacht atá sábháilte, sona agus struchtúrtha. Gníomhaíonn an tseirbhís chomh maith mar acmhainn do thuismitheoirí.

Le linn na bliana d'oibríomar le 195 leanbh aonair agus le 112 teaghlach agus ba é líon iomlán cuairteanna leanaí ar an seomra súgartha ná 2,619.

In 2005, d'aistríomar go dtí ár seomra súgartha nua. Áirítear inár n-áiseanna anois áit shúgartha amuigh do na leanaí. Mar thoradh ar na feabhsúcháin seo tig linn freastal anois ar leanaí faoi bhun aon bhliain d'aois. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Scéim Dhámhachtainí Pobail Bhus Átha Cliath mar gheall ar an mbronntanas flaithiúil de €5,000 a thug siad dúinn chun feabhas a chur ar ár seomra súgartha.

Thaitin turas samhraidh go dtí Teach Dhroichead Nua agus a Ghairdíní, a d'éirigh go han-mhaith leis, leis na leanaí agus gabhaimid buíochas arís le Bus Átha Cliath as a dtacaíocht leanúnach.

Leanann an Rannán Teiripe Súgartha ag obair i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i gCearnóg Mhóinseo chun socrúchán a sholáthar faoina gcomhlánaíonn mac léinn coláiste taithí oibre bliana sa seomra súgartha.

Seirbhísí Comhairleoireachta agus Thacaíocht Theaghlaigh

Tugann comhairleoirí a oibríonn mar chuid d'fhoirne ildhisciplíneacha an deis do chliaint agus do theaghlaigh glacadh le seirbhísí comhairleoireachta aonair agus grúpa.

Is cuid dhílis í de chóireáil andúile Comhairleoireacht agus Sícteiripe; tugann sé an deis do dhuine a bhfuil andúil ag goilliúint air/uirthí a bpáirt féin le linn a saoil a chur in iúl, na roghanna a rinne siad agus na fachtóirí a rialann iad.

Cé gurb é cóireáil andúile saineolas na foirne, bíonn sé soiléir ó go leor sheisiúin teiripe gur fhulaing mórán cliant droch-úsáid fhisiciúil, ghnéis agus mhothúcháin. Ciallaíonn sé seo faoi seach go mbíonn dhá mhórfhadhb le hoibriú tríd ag mórán cliant, gortaithe san am atá caite nach bhfuil fuascailte agus an fhadhb drugaí leanúnach. Mar sin, caithfidh gach sícteiripaí oibriú trí go leor saincheisteanna le cliant trí ghaol proifisiúnta sábháilte a chothú le hiontaoibh as agus tuiscint ar a chéile, gaol a dhéanann iarracht a chur ar chumas an chliaint oibriú tríd a c(h)néacha iomadúla atá ceilte.

Bíonn an Fhoireann Chomhairleoireachta gníomhach chomh maith ag déanamh maoirsithe ar ábhar comhairleoirí ar shocrúcháin chliniciúla. Tagann na mic léinn ó Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath agus ó Choláiste na Tríonóide. Bíonn tairbhe mór le fáil ag mic léinn ar shocrúcháin chliniciúla óna bpáirtíocht san fhoireann ildhisciplíneach.

Ba í fíis an rannáin chomhairleoireachta riamh agus is í a fhís fós ná a bheith aitheanta as na caighdeáin comhairleoireachta is airde eitice, oideachais agus cleachtais a sheachadadh agus a chaomhnú ar mhaithe le cliaint, leis an bpobal agus leis an ngairm.

In 2005, ba é líon na dtinreamh le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta ná 3,488.

Seirbhísí For-Rochtana

Oibríonn na foirne ildhisciplíneacha i gcomhairle leis an gcliant chun a gcuid riachtanas, a gcóireáil agus a roghanna athshlánaithe a aithint agus chun plean cúraim aonair iomchuí a fhorbairt. Chomh maith leis sin bíonn for-rochtain i mbun seirbhísí a sholáthar do chliant ó thaobh saoráidí othar cónaitheacha agus eis-othar a phleanáil. Bíonn idirchaidreamh ag an rannán le grúpaí reachtúla agus deonacha laistigh den phobal. Soláthraítear iarchúram, cur chun cinn sláinte agus tacaíocht idirghabhála ghéarchéime do chliant agus dá dteaghlaigh.

Bíonn páirt lárnach ag for-rochtain i gcónaí ó thaobh ár liosta feithimh a bhailíochtú, ag cinntiú go bhfuil tuarascáil stádais reatha againn agus go leanaimid i dteagmháil le cliant ar an liosta. I gcomhpháirtíocht le seirbhísí do dhaoine gan dídean, tá úsáideoirí drugaí a bhfuil cóireáil de dhíth orthu go géar aitheanta againn. Chabhraigh tionscnamh den sórt sin chun aghaidh níos mó a thabhairt ar riachtanais ghéara na ndaoine sin atá ní hamháin gan dídean ach a bhfuil cóireáil de dhíth uathu.

Seirbhísí Obair Shóisialta

Feidhmíonn an Rannán Obair Shóisialta mar chuid d'fhoireann ildhisciplíneach. Oibríonn sé córas oibre lárnach a sholáthraíonn réimse seirbhísí, ar a n-áirítear idirghabháil luath agus tráthúil le teaghlaigh atá “i mbaol”. Tacaítear leis sin trí phléideáil agus idirchaidreamh le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha. Leanann na grúpaí cliant atá bunaithe le páirt fhíorthábhachtach a bheith acu maidir le hathshlánú cliant i réimsí fheasacht alcóil, litearthachta agus ceoil.

Le linn 2005, bhí baint ag an bhfoireann le comparáid a dhéanamh ar staitisticí a bhaineann le leanaí a cuireadh faoi chúram an Stáit sna na cúig bliana atá thart. Beidh torthaí an staidéir seo agus anailís air ar fáil in 2006. Rinne an fhoireann comhordú ar ghrúpaí tuismitheoireachta freisin mar fhoinse thacaíochta do thuismitheoirí a bhí ag freastal ar an tseirbhís agus, sa bhliain atá romhainn, déanfaidh siad tuilleadh forbartha ar ghrúpaí tuismitheoireachta, fheasacht alcóil agus litearthachta d'fhonn líon na ndaoine a fhaigheann tairbhe ó na grúpaí tacaíochta a mhéadú.

Chuir an Rannán Obair Shóisialta socrúcháin mic léinn ar fáil chomh maith i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Le linn 2005, bhí tinrimh in iomlán de 4,121 le haghaidh seirbhísí obair shóisialta.

Seirbhísí Cnáimhseachais Idirchaidrimh

Leanaimid ag soláthar seirbhísí cnáimhseachais idirchaidrimh le haghaidh ár gcliant i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis na trí ospidéal máithreachais i mBaile Átha Cliath. Is í an aidhm ná a chinntiú go mbíonn rochtain ag mná atá ag iompar clainne ar chúram réamhbheithé agus iarbheithé cuimsitheach agus go bhfaigheann siad an cúram sin. I 2005, bhain 129 bean leas as an tseirbhís seo. Gníomhaíonn an fhoireann chnáimhseachais mar acmhainn eolais agus oideachais dár bhfoirne ildhisciplíneacha.

An Rannóg Altranais

Leanann ár bhfoireann altranais le páirt lárnach a bheith acu maidir le cúram cliant d'ardchaighdeán a chomhordú, a mheasúnú, a phleanáil agus a sheachadadh. I 2005, rinneadar seirbhísí altranais den scoth a sheachadadh i gcomhar le disciplíní agus gníomhaireachtaí eile. Chomh maith leis sin leanann an fhoireann ag cur chun cinn sláinte agus leas cliant trí chlár

chomhairle, fhaisnéise agus oideachais a chur ar fáil i gcúram príomhúil, i gclinicí shláinte gnéis agus i laghdú dochair.

Tacaíonn an Bord le hoiliúint leanúnach agus le forbairt phroifisiúnta a fhoireann altranais trí fhreastal ar chúrsaí agus ar chomhdhála cuí. Fuair altra amháin gradam Mháistir Eolaíochta in altranais (Andúil agus Deacrachtaí a Bhaineann le Substaintí) agus fuair altra eile Dioplóma Céimí sa dhisciplín céanna.

In 2006, leanfaimid ag glacadh páirt lárnach maidir le polasaithe agus nósanna imeachta bunaithe ar fhianaise a thiomsú. Oibreoidimid freisin chun feabhas a chur ar an gClinic Dédhíagnóise trí pháirt a bheith ag an bhfoireann altranais leis an gclinic. Is grúpa é atá leochailleach ach go háirithe cliaint le meabhairghalar a bhfuil fadhb mhí-úsáid shubstaintí acu chomh maith. Bheadh clinic dédhíagnóise faoi cheannas altra mar mhodh éifeachtach chun bainistiú a dhéanamh ar chliaint.

Fóram d'Úsáideoirí Seirbhíse

Bíonn ár bhFóram d'Úsáideoirí Seirbhíse a bhfuil na haidhmeanna a leanas aige á fhorbairt againn i gcónaí:

- Bealach cumarsáide déthreoch a fhorbairt idir an fhoireann/an bhainistíocht agus na cliaint a bhíonn ag freastal ar an tseirbhís
- Fóram fiúntach a sholáthar chun díospóireacht a dhéanamh ar pholasaithe agus ar chleachtais atá ann cheana féin agus ar riachtanais a fheictear don tseirbhís
- Fóram fiúntach a sholáthar le haghaidh ionadaíochta ag cliaint agus le go gcuirfidh siad a gcuid tuairimí in iúl
- Iniúchadh a dhéanamh ar mholtaí le haghaidh athraithe agus forbairt seirbhíse
- Aiseolas a chur ar fáil don bhainistíocht maidir le gnéithe dearfacha agus diúltachta den tseirbhís a raibh cleachtadh ag na cliaint orthu.

Le linn 2005, rinneamar athbhreithniú ar théarmaí tagartha an ghrúpa agus leanamar ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht lena chéile. Tá ar intinn againn scileanna an ghrúpa a fhorbairt tuilleadh trí oideachas agus oiliúint a chur ar fáil.

Grúpa Ceoil

Tá meas laistigh dár n-eagraíocht ar an maitheas a bhaineann le ceol mar idirghabháil theiripeach. Is í aidhm an ghrúpa ceoil, a bunaíodh i 2001, talainn chruthaitheacha ár gcliant a chur chun cinn agus cur i láthair a éascú trí mheán an cheoil. Déantar éascaíocht don ghrúpa ag ár bhfoireann chruthaitheach agus ilthréitheach agus tá an grúpa mar chuid dhílis de na seirbhísí a sholáthraimid anois.

Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta

Tá ár bhfoireann riaracháin agus tacaíochta riachtanach lena chinntiú go seachadtar réimse leathan seirbhísí go héifeachtúil agus go héifeachtach. Áirítear orthu foireann ó airgeadas, acmhainní daonna, fáilte agus taifid liachta, rúnaithe d'fhoirne cliniciúla, oifigigh chléireachais, Oigigeach TE, cúntóirí ginearálta, maoirseoir foirgníochta, foireann a bhíonn i gcionn an tí, foireann ghlantóireachta ar chonradh agus foireann shlándála. Aithníonn an Bord an cúnamh fíor-riachtanach a thugann na foirne seo.

Ag Oiriúnú

Seirbhísí Leasa

Leanann ár seirbhísí leasa a bunaíodh i 2002 ag obair leis an gcliant agus i gcomhar lenár bhfoirne ildhisciplíneacha agus le gníomhaireachtaí seachtracha. Bíonn ról pléideála láidir ag an tseirbhís thar ceann phobal na gcliant agus í i gcónaí ag lorg, ag bunú, ag coimeád agus ag láidriú nasc leis na gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha araon.

Ba bhliain an-dúshlánach arís í an bhliain 2005 don tSeirbhís Leasa. Dhéileáil sé le 1,761 fiafraí agus lean saincheisteanna tithíochta agus cóiríochta de bheith faoi deara don chion ba mhó de na fiafraithe a dhéileáil an tseirbhís leo.

Fanann sé mar phríóireacht don tseirbhís idirchaidrimh a choimeád le heagraíochtaí is fearr atá suite chun freastal ar riachanais chliant na seirbhíse. Dhírigh cuid mhaith den obair ar dhaingniú a dhéanamh ar na sochair a bhain an tseirbhís amach dá cliant i rith na mblianta beaga atá thart. Rinneadh é seo le go dtabharfar sraith de thionscnaimh athshlánaithe agus oiliúna fóinteacha isteach in 2006, a fhéachfaidh le cur leis an gclár cóiréala in iomlán. Is é croílár na seirbhíse i gcónaí ná cúnaimh i dtaca le leas sóisialach, airgeadas, cártaí liachta agus fiach.

Fiafraí	2005
Tithíocht agus Cóiríocht	1,037
Cártaí Liachta agus Taisteal	173
Liúntais Speisialta agus Liúntais Aiste Bia	60
Seirbhísí Ginearálta	491
Líon Iomlán na bhFiafraithe	1,761

Ag Forbairt

Oideachas agus Oiliúint

Agus í ar an tseirbhís chóireála is faide bunaithe sa tír, le taithí de bhreis is 35 bliain, bhí páirt ar leith againn maidir le hoiliúint agus oideachas leanúnach a chur ar ghairmithe sa réimse mhí-úsáid shubstaintí. Éiríonn linn é sin a dhéanamh trí chlár oiliúna fhoirmiúla, shocrúcháin agus chúrsaí. In éineacht le socrúcháin mac léinn eagraítear cuairteanna cliniciúla do mhic léinn chomh maith.

In 2005, leanamar ag soláthar oiliúna don tseirbhís phríosúin, d'institiúidí tríú leibhéal, do Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do ghairmithe eile. Cuid lárnach d'eiteas ár n-eagraíochta is ea oideachas leanúnach. Soláthraíodh breis oideachais agus oiliúna do ghrúpaí tacaíochta, do phríosúnaigh agus do chliaint in ionaid atshlánaithe.

Chuir an Dochtúir Shay Keating oiliúint ar fáil faoi Heipitíteas do mhic léinn in institiúidí tríú leibhéal éagsúla. Ina theannta sin, soláthraíodh seisiúin oideachais d'fhoireann chliniciúil atá ag obair sa réimse mhí-úsáid shubstaintí.

Dochtúirí Ospidéal Neamh-Chomhairleacha

Tá oiliúint speisialtach á soláthar againn i gcónaí do 15 Dochtúir Ospidéal Neamh-Chomhairleach (DONC-anna) tríd an rannpháirtíocht atá againn i scéimeanna oiliúna arna gcreidiúnú ag Coláiste Ríoga na Síciatraithe agus ag Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann.

Soláthraimid socrúcháin d'oiliúnaithe a bhíonn rannpháirteach sna Rothluithe Oiliúna in Ollscoil Bhaile Átha Cliath, in Ospidéal Naomh Eoin Baisteadh agus in Ospidéal an Mater. Tá na rothluithe seo creidiúnaithe ag Coláiste Ríoga na Síciatraithe.

Socrúcháin Fostaíochta

Mar sholáthróir seirbhíse atá chun tosaigh sa réimse mhí-úsáid shubstaintí déanaimid éascaíocht ar oiliúint ghairmiúil trí shocrúcháin. Is cuid d'oiliúint roinnt gairmeacha agus disciplíní éagsúla iad seo. Bíonn deis ag na rannpháirtithe na gnéithe iomadúla de sheirbhísí cliniciúla speisialtacha agus de chlár chóireála a fheiceáil ón mbun, chomh maith lenár saotharlann náisiúnta anailís drugaí. Le linn 2005, ghlac 182 gairmí páirt i bhfoghlaim ag an obair. Áiríodh orthu, altráí, oibríthe sóisialta, comhairleoirí, foireann otharchairr, síceolaithe, oibríthe chúram leanaí, foireann shaotharlainne agus chléireachais.

Tairgtear socrúchán aon bhliana do mhic léinn ón Scoil Socheolaíochta ag Institiúid Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Agus iad ar shocrúchán inár Seomra Súgartha Leanaí, freastalaíonn mic léinn ar chruinnithe inmheánacha agus seachtracha a bhíonn ag an bhfoireann ilhdisciplíneach. Ligeann sé seo do mhic léinn taithí a fháil ón mbun ar réimse na riachtanas agus na bhfreagairtí a chuirtear ar fáil do leanaí a bhfuil fadhbanna mhí-úsáid drugaí ag a gcuid tuismitheoirí.

Tig le mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí comhairleoireachta mar chuid dá n-oiliúint ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste LSB/DBS agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuat, glacadh le socrúcháin atá faoi mhaoirsiú ag ár bhfoireann chomhairleoireachta taithíoch.

Soláthraíonn ár Rannán Obair Shóisialta socrúcháin mac léinn gach bliain i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Is obair ard-speisialtach cuid mhaith den obair a dhéantar inár saotharlann. Thar na blianta tá glactha léi ag institiúidí tríú leibhéal mar áit thaithí oibre do mhic léinn atá fiúntach agus a bhfuil tóir mhór uirthi, a ligeann dóibh taithí a fháil i saoráid den scoth. Áirítear orthusan Institiúidí Teicneolaíochta Shráid Chaoimhín agus Tamhlachta, Institiúidí Teicneolaíochta Átha Luain agus Cheatharlaigh agus Sráid Chathail Bhrúgha.

Teicneolaíocht Chumarsáid Eolais

Leanamar ag cur ár Straitéis Theicneolaíocht Chumarsáid Eolais i gcrích. Cuireadh córais nua isteach a chuir feabhas ar ár bhfeidhmithe bhunachar sonraí.

Leanadh le forbairt a dhéanamh ar an gCóras Othar Leictreonach i rith 2005 agus tá sé ar intinn sa bhliain atá romhainn pleananna cúraim, nótaí dul chun cinn, vacsaínithe víris agus measúnú an dochtúra a bhfuil Próifíl Andúile Maudsley mar chuid de a chlúdach. Tosóidh an uirlis thaighde seo go huathoibríoch mar chuid den ghnáthphróiseas measúnaithe a luaithe is a thosaítear ar chóireáil don chliant. Tá cuid maith de na sruthanna oibre láimhe reatha á déanamh go hoibríoch mar gheall ar an gCóras Othar Leictreonach agus chuir sé feabhas ar éifeachtachtaí agus ar chúram custaiméara. Cuireadh feabhas ar ár gcumas tuairiscithe freisin.

Chuir an tsaotharlann Córas nua Bhainistiú Eolas Saotharlainne (CBES—LIMS sa Bhéarla) i gcrích i Meán Fómhair 2005 a rachaidh chun tairbhe na saotharlainne agus na gcustaiméirí araon. Ina theanna sin d'oibrigh foireann de chuid na saotharlainne leis an bhfoireann tionscnaimh um Chóras Eolas Chuidithe Drugaí (CECD—DAIS sa Bhéarla) de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun nasc leictreonach a shonrú agus a bhunú idir CECD (DAIS) agus CBES (LIMS) na Saotharlainne Anailís Drugaí chun críche torthaí a chur ar aghaidh go leictreonach.

Acmhainní Daonna

I 2005, lean an rannán ag cur seirbhísí Acmhainní Daonna agus tacaíocht ar fáil. Go hard i gclár oibre an rannáin bhí feachtais earcaíochta, tionscnaimh oiliúna agus fhorbartha agus pleanáil dhaonchumhachta. Leanamar ag gníomhú mar acmhainn do bhainisteoirí líne agus do mhaoirseoirí lena chinntiú go leanaimid ag seachadadh seirbhíse d'ardchaighdeán.

Táimid mórtasach as an gcumas atá againn foireann atá ardcháilithe agus le taithí mhaith a mhealladh. Baintear é seo amach trí fheachtais earcaíochta a fhorbairt a bhfuil sprioc leagtha amach dóibh.

Ba é 1:2 an cóimheas fir le mná. In 2005 freisin bhain an Bord amach a sprioc 3% ó thaobh daoine le míchumas atá fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí.

Leanaimid ag cur ár bPolasaí Oiliúna agus Forbartha chun cinn a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach fostaí ar oiliúint agus ar fhorbairt phearsanta sna réimsí a leanas:

- Lámhshú Lámhe
- Idirghabháil Ghéarchéime Neamhfhoréigneach
- Comhairle Airgeadais don Fhoireann
- Oiliúint maidir le Guais Bhitheolaíochta
- Comhdhálacha Chúram Sláinte

- Comhdhálacha Dédiagnóise
- Agallaimh Inspreagtha

Leanaimid ag gríosú fostaithe chun cur lena n-oideachas agus úsáid a bhaint as tacaíocht chun freastal ar chúrsaí oiliúna tríú leibhéal, ar a n-áirítear:

- Dioplóma i gComhairleoireacht Beirte
- Teastas Bunaidh i mBainistiú Líne Soláthair
- Baitsiléir Ealaíne i Síceolaíocht
- Teastas i mBainistiú Thaifid Liachta agus Sheirbhísí Othair
- Ard-Dhioplóma i Mí-Úsáid Shubstaintí
- Máistir Eolaíochta i Síctheiripe
- Teastas i Sábháilteacht agus i gCleachtas Sláinte san Ionad Oibre
- Dioplóma i Rialachas Corparáideach
- Máistir Eolaíochta Altranais (Andúil)
- Máistrí in Eolaíocht (trí thaighde)

In 2005, leanamar lenár straitéis um oiliúint i dTeicneolaíocht Eolais a bhí mar aidhm aici tacú leis an bhfoireann cur lena scileanna ríomhaireachta. Chun tacú le tabhairt isteach an Chóras Othar Leictreonach bhain roinnt comhaltaí den fhoireann leas as oiliúint dhian i scileanna eochairchláir.

Sláinte Ceirde

Cuireann an Rannán um Shláinte Ceirde a bunaíodh in 2001 leas fisiciúil, síceolaíoch agus sóisialta na bhfostaithe go léir chun cinn. Cuireann sé réimse leathan seirbhísí proifisiúnta ar fáil ar a n-áirítear feiliúnacht réamh-fhostaíochta agus feiliúnacht chun fillleadh ar an obair, cláir vacsaínithe, faireachán sláinte, oideachas agus oiliúint. Ina theannta sin, bíonn comhairle maidir le díláthair de bharr breoiteachta a chuimsíonn planáil athshlánaithe ar fáil.

Le linn 2005, críochnaíodh an polasaí maidir le Bainistiú ghortaithe shá Snáthaide agus cuireadh é i gcrích. Bhí an Rannán um Shláinte Ceirde i mbun tionscnaimh freisin maidir le cúram craicinn agus cosc ar dheirmitíteas ceirde.

In 2006, leanfaimid le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bpolasaí agus ar na nósanna imeachta maidir le gortaithe shá Snáthaide, faireachán shláinte saotharlainne agus gheobhaimid measúnú riosca bitheolaíochta. I gcomhar leis an Rannán um Theicneolaíocht Eolais, déanfaimid tuilleadh forbartha ar ár gclár cuimsitheach maidir le bheith ag obair go sábháilte le VDU-anna.

Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Tá Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí tiomanta go daingean maidir lena dhualgais faoi reachaíocht shláinte agus shábháilteachta a chomhlíonadh agus maidir le timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chruthú agus a choimeád dá fhostaithe, dá chliant agus dá chuirteoirí. Baintear é seo amach trí riachtanais na reachaíochta sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh.

Le linn 2005, aontaíodh “téarmaí tagartha” don Choiste um Shláinte agus Shábháilteacht agus cuireadh iad i gcrích. Leanann an Coiste um Shláinte agus Shábháilteacht lena mhiontheagasc monatóireachta agus, de réir mar a thagann ceisteanna sláinte agus sábháilteachta chun cinn, glactar gníomhartha cuí agus déantar measúnuithe riosca.

Is cuid lárnach í oiliúint maidir le laghdú a dhéanamh ar bhaol/thitim amach timpistí nó teaghmas. Is samplaí iad den oiliúint a cuireadh ar fáil i 2005 ná bainistiú ar theaghmas tromchúiseach, oiliúint

dhochair shá snáthaide agus oiliúint maidir le láimhsiú láimhe. Rinneadh iniúchadh tine agus oiliúint intí le haghaidh maor tine chomh maith.

In 2005, cuireadh tús le sceideal iniúcháireachta Sláinte agus Sábháilteachta freisin agus déanfar tuilleadh forbartha ar seo in 2006.

Ráitis Airgeadais

Taispeánann na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 2005 ioncam iomlán €8,847,379 agus den tsuim sin bhí €8,614,545 mar leithdháileadh deontais ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Léiríonn na ráitis seo barraíocht de €666,098.

Leanann an rannán ag déanamh athbhreithnithe agus uasdhátaithe ar chórais a chabhróidh le heolas bainistíochta a sheachadadh go cuí agus go tráthúil. Bíonn sé i gcónaí ag iarraidh seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil dá chustaiméirí seachtracha agus inmheánacha araon.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le foireann na Roinne Sláinte agus Leanáí agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú le linn 2005.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas (1997)

Is é polasaí ár mBoird déanamh de réir an Achta um Íoc Pras Cuntas (1997). Tá córais agus nósanna imeachta ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí lena chinntiú go gcuirtear forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas (1997) i bhfeidhm ina n-iomláine. Tá nósanna sainiúla i bhfeidhm le gach idirbheartaíocht agus íocaíocht a rianú de réir théarmaí an Achta agus déantar athbhreithniú leanúnach ar na haischuir chuí ón gcóras cuntasáíochta. Soláthraíonn nósanna imeachta an Bhoird, atá i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr a ghlactar leis, deimhniú réasúnach, ach ní deimhniú iomlán, nach ndéantar an tAcht a shárú. Tá sé mar chleachtas againn chomh maith leis sin athbhreithniú a dhéanamh agus gníomh iomchuí a ghlacadh maidir le haon eachtraí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le sárú ar an Acht. In 2005, chomhlíon an Bord forálacha an Achta go hiomlán agus tá áthas orainn a thuairisciú nach raibh dliteanas ar an mBord as aon íocaíocht úis chuig creidiúnaithe.

Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí

Cúirt na Tríonóide

30-31 Sráid an Phiarsaigh

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-6488600

Faics: 01-6488700

r-phost: info@dtcb.ie

suíomh gréasáin: www.addictionireland.ie

Tá leagan Gaeilge den doiciméad seo le fáil ar ár suíomh gréasáin www.addictionireland.ie

